Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12533/26**

**ETS 8**
**MI 836**
**COMPET 1013**
**ENT 211**
**EDUC 345**
**JUR 645**
**DELACT 134**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 5051 final |
| Ábhar: | CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN<br>an 24.7.2026<br>lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 5051 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 5051 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.7.2026
C(2026) 5051 final

**CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24.7.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear agus ceartaítear leis an ngníomh tarmligthe seo Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[1], arna leasú le Treoir 2013/55/AE (Treoir 2005/36/CE), ina liostaítear fianaise ar cháilíochtaí atá faoi réir aitheantas uathoibríoch trasteorann.

De réir Threoir 2005/36/CE, féadfaidh na gairmeacha seo a leanas a bheith incháilithe d'aitheantas uathoibríoch ar a gcáilíochtaí i dtír Eorpach eile, faoi choinníollacha áirithe, chun rochtain a fháil ar ghairm rialaithe agus chun í a chleachtadh: dochtúir leighis, altra atá freagrach as cúram ginearálta, cleachtóir fiaclóireachta, tréidlia, cnáimhseach, cógaiseoir agus ailtire.

Réamhchoinníoll amháin maidir leis an aitheantas uathoibríoch sin is ea go gcomhlíontar leis an gcáilíocht na híoscheanglais oiliúna a leagtar amach i dTeideal III, Caibidil III den Treoir sin.

Le hAirteagal 21a(1) de Threoir 2005/36/CE ceanglaítear ar gach tír Eorpach fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin arna nglacadh acu maidir le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla a eisiúint sna gairmeacha a chumhdaítear le Teideal III, Caibidil III den Treoir sin. I gcomhréir le hAirteagal 21a(3) den Treoir sin, ní mór do thíortha an Aontais an fhaisnéis is gá le haghaidh fógraí den sórt sin a tharchur trí chóras faisnéise an mhargaidh inmheánaigh. Ansin déanann an Coimisiún seiceálacha ar na haighneachtaí sin in aghaidh na n-íoscheanglas oiliúna a leagtar amach sa Treoir.

Chun aird chuí a thabhairt ar fhorbairtí reachtacha agus riaracháin thíortha an Aontais, le hAirteagal 21a(4) de Threoir 2005/36/CE tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar na pointí ábhartha d'Iarscríbhinn V maidir leis na teidil arna nglacadh ag tíortha an Aontais le haghaidh fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla a thabhairt cothrom le dáta agus, i gcás inarb iomchuí, leis an gcomhlacht a eisíonn fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla, leis an deimhniú a ghabhann leis an bhfianaise agus leis an teideal gairmiúil comhfhreagrach. Go dtí seo, glacadh ocht gcinneadh tharmligthe[2] faoi Airteagal 21a(4).

Léirítear leis na príomhleasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn V na forbairtí reachtacha agus riaracháin i dtíortha an Aontais chun fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla a eisiúint sna gairmeacha a chumhdaítear le Teideal III, Caibidil III den Treoir, ar thug tíortha an Aontais fógra ina leith don Choimisiún, agus i gcás inar dheimhnigh an Coimisiún go gcomhlíonann siad sin na híoscheanglais chomhchuibhithe chomhaontaithe oiliúna. Tá nós imeachta éagsúil i bhfeidhm maidir le hailtirí, i gcomhréir le fomhír 2 d'Airteagal 21a(1) den Treoir. I gcás na

---

[1] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

[2] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2016/790 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2016 (IO L 134, 24.5.2016, lch. 135),
Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/2113 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2017 (IO L 317, 1.12.2017, lch. 119),
Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/608 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2019 (IO L 104, 15.4.2019, lch. 1),
Cinneadh Tarmligthe (AE) 2020/548 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2020 (IO L 131/1, 24.4.2020, lch. 1),
Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/2183 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2021 (IO L 444, 10.12.2021, lch. 16),
Cinneadh Tarmligthe (AE) 2023/2383 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 (IO L, 2023/2383, 9.10.2023),
Cinneadh Tarmligthe (AE) 2024/1395 ón gCoimisiún an 5 Márta 2024 (IO L, 2024/1395, 31.5.2024),
Cinneadh Tarmligthe (AE) 2025/2187 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2025 (IO L, 2025/2187, 29.10.2025).

gairme sin, téitear i gcomhairle le tíortha an Aontais trí chóras faisnéise an mhargaidh inmheánaigh maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart teidil nó cláir nua a áireamh in Iarscríbhinn V. Rinneadh comhairliúchán den chineál sin maidir le fógraí a bhaineann le gairm an ailtire a áirítear sa Chinneadh Tarmligthe seo.

Dá bhrí sin, leis an gCinneadh Tarmligthe seo, comhdhlúthaítear na seanteidil ghairmiúla uile, na teidil ghairmiúla nua uile agus na teidil ghairmiúla leasaithe uile ar tugadh fógra ina leith go dtí an 30 Meitheamh 2025, ar cinn iad atá measúnaithe agus formheasta ag an gCoimisiún.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis thíortha an Aontais maidir leis na leasuithe sin ar Iarscríbhinn V tríd an ngrúpa saineolaithe ábhartha (Grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint[3]) i scríbhinn idir an 11 agus an 28 Samhain 2025 agus ag cruinniú an ghrúpa an 4 Nollaig 2025. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán sin, rinneadh na hathruithe breise seo a leanas ar an dréacht-Chinneadh Tarmligthe.

- Maidir le gairm an dochtúra speisialaithe san Iodáil faoi phointe 5.1.3. d'Iarscríbhinn V, 'An Cheimic bhitheolaíoch,' baineadh an cúrsa oiliúna *Biochimica* (9).
- Maidir le gairm an chleachtóra fiaclóireachta don Liotuáin faoi phointe 5.3.2 d'Iarscríbhinn V, cuireadh fianaise ar an gcáilíocht fhoirmiúil 'Magistro diplomas (*sveikatos mokslų magistro laipsnis ir gydytojo odontologo profesinė kvalifikacija*)' isteach i bpointe 3 agus cuireadh 'Magistro diplomas (*sveikatos mokslų magistro laipsnis ir gydytojo odontologo kvalifikacija*)' isteach i bpointe 4.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an Cinneadh Tarmligthe seo bunaithe ar Airteagal 21a(4) de Threoir 2005/36/CE. Leis an airteagal sin, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 57c de Threoir 2005/36/CE chun pointí 5.1.1 go 5.1.4, 5.2.2, 5.3.2, 5.3.3, 5.4.2, 5.5.2, 5.6.2 agus 5.7.1 d'Iarscríbhinn V a leasú. Is é atá sna pointí sin na teidil arna nglacadh ag tíortha an Aontais le haghaidh fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla, agus, i gcás inarb iomchuí, an comhlacht a eisíonn an fhianaise ar cháilíochtaí foirmiúla, an deimhniú a ghabhann leis an bhfianaise, agus an teideal gairmiúil comhfhreagrach.

---

[3] Mar a bunaíodh le Cinneadh 2007/172/CE ón gCoimisiún an 19 Márta 2007 lena mbunaítear an grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 79, 20.3.2007, lch. 38).

**CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24.7.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[4], agus go háirithe Airteagal 21a(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE, tá liostaí ar a bhfuil fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla dochtúirí leighis, altraí atá freagrach as cúram ginearálta, cleachtóirí fiaclóireachta, tréidlianna, cnáimhseach, cógaiseoirí agus ailtirí.

(2) Tá fógra tugtha ag roinnt tíortha de chuid an Aontais don Choimisiún faoi fhorálacha reachtacha, rialála agus riaracháin atá glactha acu chun fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla a chumhdaítear le Caibidil III de Theideal III de Threoir 2005/36/CE a eisiúint.

(3) Rinne an Coimisiún measúnú ar na fógraí ó thíortha an Aontais agus tháinig sé ar an gconclúid go gcomhlíonann na forálacha ar thug tíortha an Aontais fógra ina leith na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 24, 25, 28, 31, 34, 35, 38, 40, 41, 44 agus 46 de Threoir 2005/36/CE. Ba cheart leasuithe ar Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE a bheith ann mar thoradh ar an measúnú ar na fógraí sin.

(4) Tar éis an fógra a fháil ón Iodáil, le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/2183 ón gCoimisiún cuireadh *Biochimica* le pointe 5.1.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE mar theideal ar chúrsa oiliúna sa mhíochaine speisialaithe. I gcomhréir leis na mínithe ón Iodáil, níor cheart an teideal sin a chur le Treoir 2005/36/CE. Dá bhrí sin, ba cheart an earráid sin a cheartú tríd an teideal a scriosadh ó Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE a leasú agus a cheartú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart na pointí ábhartha uile d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE maidir le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil na gcúrsaí oiliúna, is é sin le rá, pointí 5.1.1 go 5.1.4, 5.2.2., 5.3.2, 5.3.3, 5.4.2, 5.5.2, 5.6.2, agus 5.7.1 a ionadú.

[4] IO L 255, 30.9.2005, lch. 22.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE agus ceartaítear í i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Roxana MÎNZATU*
*Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

Martine DEPREZ
Stiúrthóir
Cinnteoireacht agus Coláisteacht
An Coimisiún Eorpach